2026/469

23.4.2026

RIALACHÁN (AE) 2026/469 ÓN gCOMHAIRLE

an 23 Aibreán 2026

lena leasaítear Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021 go 2027

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 312 de,

Ag féachaint don Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe Airteagal 106a de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint don toiliú ó Pharlaimint na hEorpa [1],

Ag gníomhú di i gcomhréir le nós imeachta reachtach speisialta,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tar éis an chogaidh fhoghaigh gan chúis gan údar atá an Rúis a chur ar an Úcráin, tá an tAontas ag tacú leis an Úcráin trí shraith beart airgeadais.

(2) Beidh cúnamh airgeadais agus eacnamaíoch leanúnach de dhíth ar an Úcráin, cúnamh a sholáthrófar ar bhealach intuartha, leanúnach, ordúil, solúbtha agus tráthúil chun a riachtanais mhaoiniúcháin a chumhdach, go háirithe riachtanais mhaoiniúcháin a eascraíonn as cogadh foghach na Rúise.

(3) Le Cinneadh (AE) 2026/258 ón gComhairle [2] údaraíodh comhar feabhsaithe chun Iasacht don Úcráin a bhunú ar luach EUR 90 000 000 000. De bhun Airteagal 332 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), is iad na Ballstáit rannpháirteacha a íocfaidh an caiteachas a eascróidh as cur chun feidhme an chomhair fheabhsaithe. Tá na costais riaracháin a bhaineann le cur chun feidhme an chomhair fheabhsaithe le híoc as buiséad an Aontais.

(4) Ba cheart ráthaíocht bhuiséadach an Aontais a leathnú chun cúnamh airgeadais i bhfoirm iasachta don Úcráin do mhéid foriomlán suas le EUR 90 000 000 000 atá le soláthar trí chomhar feabhsaithe faoi Rialachán (AE) 2026/467 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [3] a chumhdach. Ba cheart a áirithiú le ráthaíocht bhuiséadach an Aontais sin go mbeidh na hacmhainní is gá ar fáil i gcónaí in am chun go mbeidh an tAontas in ann a oibleagáidí airgeadais uile i leith a chreidiúnaithe a chomhlíonadh. Ba cheart é a bheith indéanta na leithreasuithe is gá a shlógadh le haghaidh na ráthaíochta sin i mbuiséad an Aontais de bhreis ar uasteorainneacha an chreata airgeadais ilbhliantúil le haghaidh cúnamh airgeadais breise don Úcráin. Ba cheart an fhéidearthacht sin a bheith gan dochar don oibleagáid uasteorainn na n-acmhainní dílse a leagtar síos in Airteagal 3(1) de Chinneadh (AE, Euratom) 2020/2053 ón gComhairle [4] a urramú.

(5) D'fhonn tacaíocht a thabhairt don Úcráin ar bhonn ardleibhéal lamháltais, is iomchuí go maoineoidh buiséad an Aontais na costais seirbhísithe fiachais lena gcuimsítear costas cistiúcháin agus costais eisiúna agus bainistíocha leachtachta. Tá na costais seirbhísithe fiachais sin dlite i leith na gcistí a fhaightear ar iasacht ar na margaí caipitil le haghaidh iasacht don Úcráin atá le soláthar trí chomhar feabhsaithe. Meastar go dtosóidh sonrasc na gcostas seirbhísithe fiachais a bhaineann leis an iasacht don Úcráin sa bhliain dheireanach den chreat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021 go 2027.

---

[1] Toiliú an 11 Feabhra 2026 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil).

[2] Cinneadh ón gComhairle (AE) 2026/258 an 29 Eanáir 2026 lena n-údaraítear comhar feabhsaithe maidir le hIasacht don Úcráin a bhunú (IO L, 2026/258, 2.2.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2026/258/oj).

[3] Rialachán (AE) 2026/467 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Feabhra 2026 lena gcuirtear chun feidhme comhar feabhsaithe maidir le bunú na hIasachta Tacaíochta don Úcráin le haghaidh 2026 agus 2027 (IO L, 2026/467, 26.2.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2026/467/oj).

[4] Cinneadh (AE, Euratom) 2020/2053 ón gComhairle an 14 Nollaig 2020 maidir le córas acmhainní dílse an Aontais Eorpaigh agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2014/335/AE, Euratom (IO L 424, 15.12.2020, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2020/2053/oj).

(6) Chun na costais sin a mhaoiniú, is iomchuí infhaighteachtaí buiséadacha a lorg ar dtús faoi na huasteorainneacha buiséadacha atá ann cheana, lena n-áirítear méideanna a d'fhéadfaí a chur ar fáil mar thoradh ar athúsáid barrachas agus athshreabha ó ráthaíochtaí buiséadacha agus ó ionstraimí airgeadais, agus, ina dhiaidh sin, faoi ionstraimí speisialta eile, agus na rialacha earnála is infheidhme, aon oibleagáid dhlíthiúil nó aon oibleagáid eile, lena n-áirítear faoi Airteagal 10a de Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 ón gComhairle ([5]), tosaíochtaí, buiséadú stuama agus bainistíocht fhónta airgeadais á gcur san áireamh an tráth céanna, sula ndéanfar ionstraim speisialta théamach nua a shlógadh, eadhon an Ionstraim um Iasacht Tacaíochta don Úcráin, faoi chuimsiú an nós imeachta bhuiséadaigh. Ba cheart leithreasuithe buiséadacha de bhreis ar uasteorainneacha an chreata airgeadais ilbhliantúil a shlógadh chun na costais seirbhísithe fiachais a bhaineann le hiasacht don Úcráin a mhaoiniú, ar iasacht í atá le soláthar trí chomhar feabhsaithe ón Ionstraim um Iasacht Tacaíochta don Úcráin, agus chun na críche sin amháin, tar éis infhaighteachtaí buiséadacha a lorg. Tá an méid sin gan dochar don oibleagáid uasteorainn na n-acmhainní dílse a leagtar síos in Airteagal 3(1) de Chinneadh (AE, Euratom) 2020/2053 a urramú i gcónaí.

(7) I bhfianaise na práinne a bhaineann le riachtanais eisceachtúla na hÚcráine i gcomhthéacs chogadh foghach na Rúise gan chúis gan údar, meastar gurb iomchuí an eisceacht ar an tréimhse 8 seachtaine dá dtagraítear in Airteagal 4 de Phrótacal Uimh. 1 maidir le ról na bParlaimintí náisiúnta san Aontas Eorpach, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach, le CFAE agus leis an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach a agairt.

(8) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 a leasú dá réir sin.

(9) I bhfianaise na staide san Úcráin agus chun go bhféadfar na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo a chur i bhfeidhm go pras, ba cheart é a theacht i bhfeidhm mar ábhar práinne an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 mar a leanas:

(1) leasaítear Airteagal 2 mar a leanas:

(a) i mír 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

'2. I gcás inar gá úsáid a bhaint as na hacmhainní ó na hionstraimí speisialta dá bhforáiltear in Airteagail 8, 9, 10, 10a, 10b, 10c agus 12, iontrálfar leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus leithreasuithe comhfhreagracha faoi chomhair íocaíochtaí sa bhuiséad de bhreis ar uasteorainneacha ábhartha CAI.';

(b) i mír 3, cuirtear isteach an fhomhír seo a leanas:

'I gcás inar gá ráthaíocht a shlógadh le haghaidh cúnamh airgeadais i bhfoirm iasachta don Úcráin, atá ar fáil do na blianta 2026 agus 2027 do mhéid foriomlán suas le EUR 90 000 000 000, atá le soláthar trí chomhar feabhsaithe faoi Rialachán (AE) 2026/467 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*) agus atá údaraithe i gcomhréir le h Airteagal 223(1) de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (**), déanfar an méid riachtanach a shlógadh de bhreis ar uasteorainneacha CAI.

(*) Rialachán (AE) 2026/467 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Feabhra 2026 lena gcuirtear chun feidhme comhar feabhsaithe maidir le bunú na hIasachta Tacaíochta don Úcráin le haghaidh 2026 agus 2027 (IO L, 2026/467, 26.2.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2026/467/oj).

(**) Rialachán (EU, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (IO L, 2024/2509, 26.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2509/oj).';

([5]) Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 ón gComhairle an 17 Nollaig 2020 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021 go 2027 (IO L 433 I, 22.12.2020, lch. 11, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2020/2093/oj).

(2) cuirtear isteach an méid seo a leanas:

'*Airteagal 10c*

An Ionstraim um Iasacht Tacaíochta don Úcráin

Tar éis infhaighteachtaí buiséadacha a lorg ar dtús faoi na huasteorainneacha buiséadacha atá ann cheana agus, ina dhiaidh sin, faoi ionstraimí speisialta eile, agus na rialacha earnála is infheidhme, aon oibleagáidí dlíthiúla nó oibleagáidí eile, lena n-áirítear faoi Airteagal 10a den Rialachán seo, tosaíochtaí, buiséadú stuama agus bainistíocht fhónta airgeadais á gcur san áireamh an tráth céanna, féadfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle an Ionstraim um Iasacht Tacaíochta don Úcráin a shlógadh faoi chuimsiú an nós imeachta bhuiséadaigh dá bhforáiltear in Airteagal 314 CFAE. Féadfar an Ionstraim um Iasacht Tacaíochta don Úcráin a úsáid chun na costais seirbhísithe fiachais a bhaineann le hiasacht don Úcráin a mhaoiniú, ar iasacht í atá le soláthar trí chomhar feabhsaithe, agus chun na críche sin amháin.'.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 23 Aibreán 2026.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

M. RAOUNA